Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10846 – CVC Funds / Visma Custom Solutions)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 333/12)

1. An 25 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners SICAV-FIS S.A. ("CVC Funds", Ard-Diúcacht Lucsamburg),

— Fochuideachtaí áirithe de Visma Norge Holding AS, Visma Finland Holding Oy, Visma Sverige Holding AB, Visma Danmark Holding A/S agus Visma International Holding AS ("Visma Custom Solutions", a chuimsíonn 25 chuideachta a bhfuil a gceanncheathrú sa Danmhairg, san Fhionlainn, sa Liotuáin, san Iorua agus sa tSualainn).

Gheobhaidh CVC Funds rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Visma Custom Solutions ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— maidir le CVC Funds: gnólacht comhairleach cothromais príobháidigh agus infheistíochta a sholáthraíonn comhairle agus bainistiú le haghaidh cistí infheistíochta a bhfuil leasanna acu i roinnt cuideachtaí atá gníomhach i dtionscail éagsúla,

— maidir le Visma Custom Solutions: soláthraí seirbhísí TF ar speisialtóir é i ndáil le bogearraí custaiméirí a fhorbairt agus seirbhísí comhairliúcháin TF a sholáthar dá chustaiméirí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le comhchruinnithe áirithe a láimhseáil faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10846 – CVC Funds / Visma Custom Solutions

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
AN BHEILG/BELGIQUE/BELGIË